

An Bhruiséil, 11 Iúil 2025
(OR. en)

11518/25
ADD 1

EF 239
ECOFIN 987
DELECT 98

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Iúil 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2025) 4338 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na coinníollacha chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na síntí agus na n-athruithe ar úsáid samhlacha inmheánacha malartacha, agus na n-athruithe ar fhothacar na bhfachtóirí riosca insamhaltaithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 4338 annex.

Faoi iamh: C(2025) 4338 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2025
C(2025) 4338 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na coinníollacha chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na síntí agus na n-athruithe ar úsáid samhlacha inmheánacha malartacha, agus na n-athruithe ar fhothacar na bhfachtóirí riosca insamhaltaithe

IARSCRÍBHINN

CUID I

SÍNTÍ AGUS ATHRUITHE LENA gCEANGLAÍTEAR CEAD A FHAIL Ó ÚDARÁIS INNIÚLA (‘ÁBHARTHA’)

1. Athruithe suntasacha ar struchtúr nó ar eagrú deasca trádála institiúide, ar tugadh cead ina leith na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh trí shamhlacha inmheánacha malartacha a úsáid, lena n-áirítear athruithe suntasacha ar na samhlacha áirithinte, ar an struchtúr bainistithe riosca nó ar an straitéis ghnó, lena n-áirítear aon cheann de na cásanna seo a leanas:
 - (a) athruithe suntasacha i gcás inarb é is aidhm d’institiúid aistrithe riosca inmheánacha a chur i bhfeidhm den chéad uair;
 - (b) athruithe suntasacha i gcás ina ngabhann deasca trádála riosca malairte eachtraí (FX) nó riosca tráchtearraí sa leabhar neamhthrádála den chéad uair;
 - (c) athruithe suntasacha i gcás ina dtosaíonn deasca trádála suíomhanna a chuimsiú in aicmí sócmhainní atá éagsúil leo siúd atá ina gcuid den chead a bhaineann le húsáid na samhlacha inmheánacha malartacha.
2. Deasc trádála a áireamh i raon feidhme chur chuige malartach na samhla inmheánaí, nach bhfuil, tráth na hiarrata ar chead dá dtagraítear in Airteagal 325az(7), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ina chuid den chead chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh trí shamhlacha inmheánacha malartacha a úsáid, agus a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) i gcás na deisce trádála sin, go n-úsáidfear córais oifige tosaigh nó córais TF atá éagsúil leis na córais sin atá ina gcuid den chead a bhaineann le húsáid na samhlacha inmheánacha malartacha;
 - (b) tá an deasc trádála sin lonnaithe i ndlínse tríú tír i gcás, tráth na hiarrata, nach bhfuil aon deasc trádála lonnaithe i raon feidhme na samhlacha inmheánacha malartacha;
 - (c) tá suíomhanna in aicmí sócmhainní i gceist leis an deasc trádála sin atá éagsúil leis na cinn atá ina gcuid den chead chun na samhlacha inmheánacha malartacha a úsáid.
3. Athruithe ar an gcur chuige bunúsach chun bearta easnaimh ionchasaigh pháirtigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a ríomh, lena n-áirítear idir ionsamhlú stairiúil, cur chuige paraiméadrach nó cur chuige Monte Carlo.
4. Athruithe ar an gcur chuige bunúsach chun an ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana dá dtagraítear in Airteagal 325ba(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2023 a ríomh, lena n-áirítear athruithe suntasacha ar rogha na bhfachtóirí riosca córasacha nó ar struchtúr comhghaoil na samhla.

CUID II

SÍNTÍ AGUS ATHRUITHE LENA gCEANGLAÍTEAR FÓGRA MAILLE LE FAISNEIS BHREISE

1. Aicmí táirgí a chuimsiú faoi raon feidhme deisce trádála faoi na samhlacha inmheánacha malartacha, ar aicmí táirgí iad lena n-éilítear teicnící samhaltaithe riosca seachas na cinn sin atá ina gcuid den chead chun na samhlacha inmheánacha malartacha sin a úsáid, amhail táirgí atá spleách ar chonair, nó suíomhanna il-fholuiteacha, lena n-áirítear cásanna inarb é an toradh atá ar athrú ar na samhlacha áirithinte, maidir le táirgí a raibh an riosca margaidh á aistriú ag an institiúid ina leith chuig eintiteas eile den ghrúpa nach dtagann faoi raon feidhme an leibhéil comhdhlúthaithe is airde laistigh den Aontas tráth ar deonaíodh cead le haghaidh samhlacha inmheánaí, go gcuirtear tús le bainistiú riosca ina leith san institiúid.
2. Athruithe ar struchtúr nó ar eagrú deasca trádála institiúide arb é atá iontu deasca a chumasc nó a roinnt ar tugadh cead ina leith na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh trí na samhlacha inmheánacha malartacha a úsáid, ar choinníoll nach gcomhlíonann na hathruithe sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán seo.
3. Athruithe ar an modheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar insamhaltaitheacht fachtóirí riosca i gcomhréir le hAirteagal 325be de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
4. Athruithe ar an modheolaíocht chun brabús agus caillteanas iarbhir nó hipitéiseach a ríomh, i gcás ina bhfuil sé d'éifeacht ag athruithe den sórt sin laghdú a dhéanamh ar líon na róluaineachtaí ar dheasc trádála ar tugadh cead ina leith samhlacha inmheánacha malartacha a úsáid, agus a chomhlíontacht leis na coinníollacha maidir le cúltástáil dá dtagraítear in Airteagal 325bf(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a athbhunú.
5. Athruithe ar an modheolaíocht chun brabús agus caillteanas hipitéiseach nó teoriciúil a ríomh, i gcás ina bhfuil sé d'éifeacht ag na hathruithe sin comhéifeacht comhghaolúcháin Spearman a mhéadú nó méadrach tástála Kolmogorov-Smirnov deisce trádála a laghdú, ar tugadh cead ina leith samhlacha inmheánacha malartacha a úsáid, agus a aicmiú á athrú mar a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 ón gCoimisiún¹, chun na ceanglais sannta brabúis agus caillteanais a leagtar amach in Airteagal 325bg de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh.
6. Athruithe bunúsacha ar an modheolaíocht bailíochtaithe inmheánach dá dtagraítear in Airteagal 325bj de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 as a n-eascraíonn athruithe suntasacha ar an gcaoi a ndéanann an institiúid measúnú ar fheidhmíocht agus ar shláine fhoriomlán na samhlacha inmheánacha malartacha, lena n-áirítear:

¹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear mionsonraí teicniúla na gceanglas cúltástála agus na gceanglas sannta brabúis agus caillteanais faoi Airteagal 325bf agus Airteagal 325bg de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (IO L 276, 26.10.2022, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2059/oj).

- (a) i gcás ina laghdófar raon feidhme an athbhreithnithe bailíochtaithe inmheánaigh, a mhinicíocht nó cainníocht nó cáilíocht na dtástálacha agus na rialuithe arna ndéanamh;
 - (b) i gcás ina mbeidh athruithe suntasacha ar an bpróiseas cinnteoireachta i bhfeidhm lena áirithiú go ndéanfaidh bainistíocht shinsearach na hinstitiúide na torthaí agus na moltaí a eascróidh as an bpróiseas bailíochtaithe a chur san áireamh mar is ceart.
7. Athruithe struchtúracha, eagraíochtúla nó oibríochtúla ar na príomhphróisis i bhfeidhmeanna bainistíochta riosca nó rialaithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, lena n-áirítear:
- (a) athruithe suntasacha ar an gcreat socraithe teorainneacha;
 - (b) athruithe ar an gcreat tuairiscithe as a dtiocfaidh caillteanas faisnéise nó athrú ar sheoltaí sa bhainistíocht shinsearach;
 - (c) athruithe ar an modheolaíocht tástála struis as a dtagann difríochtaí suntasacha sna torthaí tástála struis;
 - (d) athruithe ar na beartais agus ar na próisis formheasa le haghaidh táirgí nua nó athruithe ar shamhlacha inmheánacha.
8. Síntí agus athruithe bunúsacha ar an mbonneagar TF, lena n-áirítear stóráil sonraí, atá ábhartha chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh trí úsáid a bhaint as na samhlacha inmheánacha malartacha, lena n-áirítear:
- (a) an córas TF a leathnú chun samhlacha praghsála díoltóirí a chumhdach;
 - (b) feidhmeanna lárnacha bailithe sonraí a sheachfhoinsiú chuig díoltóirí sonraí;
 - (c) néalríomhaireacht nó stóráil sonraí a thabhairt isteach.